An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. **S53AT**

# Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2002.

343

## Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad).

## Dé Luain 17 Meitheamh - Maidin 9.30 - 11.30.

**Roinn A - Gnáthleibhéal.**
**40 marc.**

**Uimhir Scrúdaithe**

## TREORACHA

1. Freagair 16 cheist ar bith ón roinn seo. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
2. Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh.
3. Bí cinnte go scríobhann tú d'uimhir scrúdaithe sa spás atá ann di agus ar gach bileog a thugann tú uait.
4. Cuir ar ais an leabhrán seo i ndeireadh an scrúdaithe.

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| ROINN A- IOMLÁN | |
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |
| 4(a) nó 4(b). | |
| 5. | |
| **Móriomlán** | |


**Uimhir an Ionaid**

**NÍ MÓR AN LEABHRÁN SEO A THABHAIRT AR AIS**

## ROINN A - 40 MARC

**Freagair 16 cheist ar bith ón roinn seo. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

1. Ón liosta a thugtar, ainmnigh na tairní a thaispeántar.

A 

B 

**Tacóid ghearrtha**
**Tairne cumdaitheoireachta**
**Stápla**
**Pionna painéil**
**Sreangthairne ubhchruthach**
**Sreangthairne cruinn**

**AINM A** ______ **AINM B** ______

2. Ainmnigh ceann amháin de na huirlisí a bhfuil **A** agus **B** marcáilte orthu sa léaráid agus luaigh an úsáid a bhaintear aisti.

**A:- AINM** ______


**ÚSÁID** ______


**NÓ**

**B:- AINM** ______

**ÚSÁID** ______


**A**






**B**

3. Taispeáin an dromchla a bhfuil **snáithe cinn** ann agus úsáid a bhaint as saighead.



**4.** Ainmnigh an feistiú a thaispeántar agus tabhair a úsáid ceart.




**AINM**


**ÚSÁID**

**5.** Roghnaigh na crainn ar an liosta óna dtagann na **duilleoga** seo.

**A**



**B**




**FUINSEOG**
**CUILEANN**
**DAIR**
**TEILE**
**CNÓ CAPAILL**
**SEICEAMAR**

**AINM A**

**AINM B**

**6.** Críochnaigh na saigheada ag **A** agus **B** leis an treo ceart a thaispeáint leis an adhmad a phlánáil chun bailchríoch mhín a fháil.





**7.** Liostaigh **dhá** réamhchúram a ba chóir a choimeád agus vearnais a chur ar bhall troscáin.

1


2.

**8.** Conas is féidir le dochar a dhéanamh do lann phlána mar a thaispeántar sa sceitse?



**FREAGRA**

**9.** Fásann fáinne bliantúil nua ar chrann gach bliain. Cén séasúr, an **t-earrach** nó an **fómhar**, a fhásann an chuid dorcha de ghach fáinne mar a thaispeántar ag **A**?





**FREAGRA**

**10.** Taispeáin le 'X' cé acu díobh seo a leanas atá mar **fhabhtanna nádúrtha** a tharlaíonn le linn an chrainn a bheith ag fás agus cé acu díobh atá mar fhabhtanna a tharlaíonn ar **dhóigheanna eile**, mar shampla, tré leagan, oiriúnú nó stálú.


| | **Nádurtha** | **Ar chaoi eile** |
|---|---|---|
| **Crannra** | | |
| **Scoilteanna cinn** | | |
| **Freangadh** | | |
| **Croí-lobhadh** | | |
| **Snáithe bíseach** | | |

**11.** Ainmnigh an mhúnláil a thaispeántar ag **A** sa léaráid.





**FREAGRA**

**12.** Gearrtar spreotaí ina bplainc sula d'fhéadfaí an t-adhmad a stálú i gceart. Cén fáth go bhfuil gá leis seo?



**FREAGRA**

**13.** Ón liosta a thugtar, ainmnigh na páirteanna den deil a bhfuil na lipéidí **A** agus **B** orthu.





**TACA UIRLISE**
**CEANNSTOC**
**PLÁTA FÁSÁLA**
**CÚLSTOC**
**FEARSAID**


**A** 

**B** 

**14.** Tá na trí shraith adhmaid le greamú le chéile le gliú chun leathán sraithadhmaid a dhéanamh. Bain úsáid as saigheada chun a thaispeáint cén treo ba chóir a bheith faoin snáithe i ngach leathán.




**15.** Tá an ulóg **C** mar ulóg thiomána. Cé acu den dhá ulóg eile a rothlaíonn níos tapúla, **A** nó **B**.





**FREAGRA**

**16.** Déantar uirlisí adhmadóireachta cosúil leis an máilléad, an clárchrúca nó an rianaire marcála as feá-adhmad go minic. Cén fáth a bhfuil an **feá-adhmad** go maith don úsáid seo?




**FREAGRA**


**17.** Críochnaigh an léaráid den **Bhéalalt** a thaispeántar.



**18.** Bain úsáid as saighead leis an **talamhtheirminéal** a thaispeáint ar an léaráid.



**19.** Cén úsáid a bhaintear as an gcrosphéin ag barr an chasúir?




**FREAGRA**

**20.** An feiste **ionchuir** nó feiste **aschuir** an t-eochairchlár ar an ríomhaire?



**FREAGRA**

**TABHAIR AN LEABHRÁN SEO AR AIS I nDEIREADH AN SCRÚDAITHE.**

LEATHANACH BÁN

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta **S53BT**

344

# Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2002.

## Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad).

## Dé Luain 17 Meitheamh - Maidin 9.30 - 11.30.

**Roinn B - Gnáthleibhéal**

**60 marc.**

**TREORACHA**


1. **Freagair trí cheist ar bith ón roinn seo. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**
2. **Nuair is gá sceitsí, tarraing saorsceitsí nó bain úsáid as an ngrafpháipéar a chuirtear ar fáil.**
3. **Scríobh d'uimhir scrúdaithe ar do leabhar freagraí agus ar aon bhileoga eile a úsáidtear.**

**1.** Taispeánann an léaráid raca adhmaid i gcomhair eochracha.

(i) Tá cruth na heochrach léirithe ar phíosa páipéir. Déan cur síos ar chonas a d'fhéadfadh an dearadh a aistriú ón bpáipéar go dtí an adhmad.

(ii) Déan cur síos, ág baint úsáide as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe, ar chonas a d'fhéadfadh an eochair seo a ghearradh agus a dheilbhiú.
Ainmnigh **trí** uirlis a n-úsáidtear sa phróiseas seo.

(iii) Mol bailchríoch oiriúnach le cur ar an dtionscadal tar éis é a ghreanáil i gceart.
Tabhair **dhá** fáth le do rogha de bhailchríoch.




2. Taispeánann an léaráid líníocht phictiúrtha de raca do litreacha. Tiús **10mm** atá san ábhar uile.

(i) Tarraing ina lánmhéid, **aghaidhchló** ag féachaint i dtreo na saighde **A**.

(ii) Teilg **taobhchló** ón gcló seo.

(iii) Cuir isteach **ceithre** phríomhthoise ar an líníocht agus taispeáin go soiléir na toislínte agus na cinn saighde.





3. Taispeántar an trasghearradh de thamhan crainn sa léaráid agus lipéidí ar chuid de na páirteanna.

(i) Déan cur síos ar **dhá** fheidhm leis an gcoirt ar chrann.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** dhifríocht idir an fhionn adhmaid agus an chroí adhmaid.

(iii) Ainmnigh agus déan cur síos ar **aon** pháirt eile de thrasghearradh an chrainn.




(iv) Tá trí phríomhpháirt i gcrann, na fréamhacha, an tamhan agus an mullach. Tabhair feidhm **amháin** do ghach páirt.

## 4. Freagair A nó B.


**(A.)**

Taispeánann an léaráid coimeádán do choinneal tar éis í a dhéanamh ar an deil. Déantar í as dhá phíosa d'adhmad agus iad siúntáilte ag **A**.

(i) Déan léaráid néata de ghach píosa agus taispeáin go soiléir conas a d'fhéadfadh iad a shiúntáil.

(ii) Ní mór an poll don choinneal a dhruileál go ceartingearach le doimhneacht 30mm. Mínigh conas is féidir seo a dhéanamh.

(iii) Liostaigh **dhá** riail shábháilteachta a ba chóir a choimeád agus an deil a úsáid.





**NÓ**

**(B.)** Taispeánann an léaráid tionscadal snoíodóireachta. Déantar é as M.D.F. le veinir.

(i) Tabhair **trí** fáth le taispeáint gur rogha mhaith í an M.D.F. le veinir mar ábhar don snoíodóireacht seo.


(ii) Déan sceitse néata de uirlis snoíodóireachta a bheadh oiriúnach leis an tionscadal seo a dhéanamh.



(iii) Tá cuilithíní a bheith sa chúlra le cuma uisce a thaispeáint. Déan cur síos, ag baint úsáide as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe, conas a d'fhéadfá an chuma seo a chur i gcrích.

5. Taispeánann an léaráid raca a dearadh le cásanna do fhíschaiséid a choinneáil. Déantar é as **dhá** leathán aicrileach (peirspéacs) ar bhonn adhmaid soladach.

(i) Taispeáin le nótaí agus sceitsí conas a lúbtar an leathán aicrileach tré uillinn 90° mar a thaispeántar ag **A**.




(ii) Tá na leatháin aicrileacha le scriúáil don bhonn. Mínigh, ag baint úsáide as nótaí agus sceitsí néata saorláimhe, conas a dhruileáiltear na poill do na scriúanna seo gan an t-aicrealach a scoilteadh

(iii) Ag baint úsáide as sceitsí néata saorláimhe, mol feabhsú **amháin** a d'fhéadfaí a chur leis an dearadh leis na cásanna fís a choinneáil díreach.